

15 BLIANA
Our world
IRISH AID AWARDS

 **Irish Aid**
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

IRIS LÁN DE
SPRAOI DO
PHÁISTÍ

Cúnamh Éireann - clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann thar lear

DOMHAN NÍOS FEARR

GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN ÁR NDOMHAN, 2020



FÁILTE ISTEACH!

Tá an iris seo ann do leanaí go háirithe agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh aisti!

Tá eolas agus smaointe úsáideacha ar na leathanaigh seo a leanas a chabhróidh leat i do thionscadal do Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan.

Tá comóradh 15 bliana na nGradam linn i mbliana agus tá an-áthas orainn a fhógairt gurb é téama 2020 ná:

DOMHAN NÍOS FEARR

In 2015, d'aontaigh 193 tír, lena n-áirítear Éire, ar 17 sprioc, ar a dtugtar Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe. Is plean nó réiteach iad na Spriocanna sin chun áit níos fearr a dhéanamh den domhan faoin mbliain 2030.


I gcaitheamh na mblianta, bhí dea-thorthaí ann nuair a d'oibrigh tíortha as lámha a chéile; go ginearálta tá saol níos folláine, níos faide ag daoine agus tá níos mó leanaí ag dul chun na scoile.

ACH tá neart le déanamh fós!

San irisleabhar seo, gheobhaidh tú amach conas is féidir leis na Spriocanna Domhanda cabhrú linn *Domhan Níos Fearr* a chruthú, ina ndéantar cúram de gach duine agus gach timpeallacht anois agus amach anseo.

Léifidh tú freisin faoin gcaoi a bhfuil Éire ag déanamh a cion féin chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach, trí chabhrú le leanaí agus a dteaghlach aghaidh a thabhairt ar an ocras, ar an mbochtaineacht, ar an éagthroime agus ar an athrú aeráide.

Bain spraoi as na scéalta, na pictiúir agus na gníomhaíochtaí san irisleabhar seo agus aimsigh roinnt smaointe iontacha le haghaidh tionscadal do Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan, 2020!



CLÁR NA nÁBHAR

- 3 **Cad is Cúnamh Éireann ann?** – Gníomhaíocht uimhearthachta
- 4 **Domhan Níos Fearr** – Gníomhaíocht smaointeoireachta todhchaí
- 5 **Na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe** – Gníomhaíocht mheaitseála
- 6-7 **Ocht dTír fócais na hÉireann** – Cuardach focal
- 7 **Comhad fíric Vítneam** – Faisnéis
- 8-10 **Domhan níos fearr bainte amach** – Gníomhaíochtaí cás-staidéir faoi chlár arna thacú ag Cúnamh Éireann i Vítneam
- 10 **Gníomhú ar son domhain níos fearr** – Gníomhaíocht bunaithe ar ráitis de chuid Greta Thunberg
- 11 **Gradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan** – Conas is féidir páirt a ghlacadh agus próifíl bhuaiteoir náisiúnta 2019
- 12 **Ceardlanna Chúnamh Éireann do dhaltai bunscoile**

Is é Cúnamh Éireann a chruthaigh an t-irisleabhar seo do pháistí bunscoile le haghaidh Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan, 2020. Eagraíonn Real Nation na gradaim thar ceann Chúnamh Éireann, atá ina chuid den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.



www.ourworldirishaidawards.ie



CAD IS CÚNAMH ÉIREANN ANN?

Tá Cúnamh Éireann ina chuid den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh Rialtas na hÉireann chun dul i ngleic leis an ocras agus leis an mbochtaineacht ar fud an domhain thar ceann mhuintir uile na hÉireann. Cuidíonn Cúnamh Éireann le saol na dteaghlach is boichte a fheabhsú in 8 dtír FÓCAIS: An Aetóip, An Mhaláiv, Mósaimbíc, Siarra Leon, an Tansáin, Uganda agus an tSaimbia san Afraic, agus Vítneam san Áise.

Tugann Cúnamh Éireann maoiniú d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOanna) ar nós Action Aid, Children in Crossfire, Concern Worldwide, Gorta Self Help Africa, HelpAge International, Plan Ireland, Trócaire, agus go leor, leor eile, chun aghaidh a thabhairt ar an ocras, ar an mbochtaineacht, ar an éagothroime agus ar an athrú aeráide i níos mó ná 80 tír ar fud an domhain.

Oibríonn clár Chúnamh Éireann leis na rialtais agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun an comhshaol a chosaint, chun breis bia a fhás, chun poist a chruthú, scoileanna agus ospidéal a thógáil, srl, ionas go mbeidh pobail bhochta, leochaileacha in ann feabhas a chur ar a saol agus todhchaí níos fearr a thógáil dá bpáistí. **Cúnamh forbraíochta** a thugtar air sin.

Nuair a bhuaileann tubaistí, cuireann Éire cabhair ar fáil láithreach, amhail cógais, pubaill agus soláthairtí bia, do dhaoine atá ag fulaingt ó chogadh, tuilte, creathanna talún, hairicíní, srl. **Cúnamh daonnúil** a thugtar air sin.

BÍMIS BRÓDÚIL – TÁ CLÁR CÚNAIMH NA hÉIREANN RANGAITHE AR AN gCEANN IS FEARR DÁ BHFUIL ANN!



7.7 BILLIÚN

AN LÍON DAOINE AR DOMHAN INNIU

783 MILLIÚN DUINE

FAOI FHÍOR-BHOCTAINEACHT AGUS IAD BEO AR NÍOS LÚ NÁ €2.20 IN AGHAIDH AN LAE



61 MILLIÚN

leanbh nach bhfuil ar scoil ag leibhéal na bunscolaíochta




25.9 MILLIÚN DUINE

ar fud an domhain in a ndéanaithe



Maraítear nó gortaítear idir **15,000 agus 20,000** duine gach bliain de bharr mianaigh thalún



FÉACH AR AN LÉARSCÁIL THUAS. AN BHFICEANN TÚ 8 DTÍR FÓCAS NA hÉIREANN?

Tá dath **BÁNDEARG** ar na 8 dtír fócais ar an léarscáil. Tá 7 gcinn de na tíortha seo san Afraic agus tá 1 san Áise.

Ar dheis tá liosta de 8 dtír fócais Chomhpháirtíochta na hÉireann ach tá uimhreacha san áit a raibh litreacha. Úsáid an eochair (thíos) chun an cód a bhriseadh agus oibrigh amach ainm gach tír chomhpháirtíochta.

Nuair a bheidh an cód briste agat, scríobh ainm na 8 dtír fócas san áit cheart ar an léarscáil.



a = 23	á = 22	b = 21	c = 20	d = 19	e = 18	é = 17	f = 16	g = 15	h = 14	i = 13	í = 12
l = 11	m = 10	n = 9	o = 8	ó = 7	p = 6	r = 5	s = 4	t = 3	u = 2	ú = 1	v = 0

- 23-9-3-4-23-13-10-21-13-23
- 2-5-23-9-19-23
- 23-9-3-23-9-4-22-13-9
- 4-13-23-5-5-23-11-18-8-9
- 10-7-8-23-13-10-21-12-20
- 10-14-23-11-22-13-0
- 23-9-23-18-3-7-13-6
- 0-13-3-9-18-23-10

15 BLIANA
for world
IRISH AID AWARDS


www.ourworldirishaidawards.ie



Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

SAOL NÍOS FEARR



“Ní mór do gach ré, i ndiaidh an iomláin, a aisling féin a bheith aici agus a bheith ag brionglóideach faoi shaol atá níos fearr, níos cineálta, níos sona agus é comhroinnte”

An tUachtarán Micheál D. Ó hUigín, 2011
Bhí an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín ag caint ar bhrionglóid nó 'aisling' a bheith ag gach duine faoi shaol níos fearr. Cuireann sé síos ar shaol níos fearr atá 'níos cineálta', níos sona' agus 'comhroinnte'.

CÉ NA TRÍ AIDIACHT (FOCAIL CUR SÍOS) A D'ÚSÁIDFEÁ LE CUR SÍOS A DHÉANAMH AR DO SMAOINEAMH, NÓ D' AISLING FÉIN, AR SHAOL NÍOS FEARR? SCRÍOBH IAD SIN SA BHOSCA THÍOS...



Cén chuma a bheadh ar shaol níos fearr d'aislinge? Conas a bheadh an saol sin; duit féin, do do mhuintir agus do chairde agus do dhaoine i bhfad i gcéin i dtíortha eile? Cad faoi phlandaí, ainmhithe, dúlra na mara; an t-aer a análaímid; an t-uisce a ólaimid, an talamh ar a seasaimid?

ÚSÁID AN CIORCAL BÁN SA CHEAPADÓIR BRIONGLÓIDÍ LE SCRÍOBH FAOI NÓ PICTIÚR A THARRAINGT DEN SAOL NÍOS FEARR.

Cad is féidir leat a dhéanamh chun aisling an tsaoil níos fearr a fhíorú? Cad is féidir le daoine eile i do scoil agus i do phobal áitiúil a dhéanamh? Cad faoi lucht gnó, ár gceannairí polaitiúla nó tíortha eile a bheith ag comhoibriú?

SCRÍOBH DO CHUID SMAOINTE AR CHLEITÍ AN CHEAPADÓRA BRIONGLÓIDÍ.



An raibh a fhios agat gurb é Domhan níos Fearr, a foilsíodh in 2018, an t-ainm a tugadh ar straitéis nó plean na hÉireann i gcomhair forbairt idirnáisiúnta?

Bhí ionchur ag cuid mhaith daoine ar fud an domhain in ábhar na straitéise sin. Leagtar amach i nDomhan níos Fearr aisling (brionglóid) na hÉireann ar shaol níos cothroime, níos síochánta agus níos inbhuanaithe.




NA SPRIOCANNA DOMHANDA UM FHORBAIRT INBHUANAITHE

In 2015, d'aontaigh na Náisiúin Aontaithe sraith de 17 Sprioc Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe chun déileáil leis na fadhbanna is tromchúisí atá inár ndomhan, amhail bochtaineacht agus ocras, éagóir agus damáiste don chomhshaol. Is é aidhm na Spriocanna Domhanda **an domhan a athrú chun feabhais ó bhun barr.**

Tá geallta ag 193 tír, Éire ina measc, go n-oibreoidh siad go cruia le chéile chun na Spriocanna a bhaint amach faoin mbliain 2030.

CÉ MHÉAD BLIAIN ATÁ FÁGTHA GO DTÍ GO MBAINFIMID AMACH AN BHLIAIN 2030?

CÉN AOIS A BHEIDH TÚ IN 2030? _____



SCRÍOBH UIMHREACHA NA SPRIOCANNA DOMHANDA UILE (THÍOS AR CHLÉ) AR AN LÓGÓ CEART DON SPRIOC SIN (THÍOS AR DHEIS):

Chun cabhrú leat, tá Sprioc 16 (Síocháin, Ceartas agus Institiúidí láidre) déanta againn cheana

- ☐ 1. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht
- ☐ 2. Deireadh a chur leis an ocras
- ☐ 3. A chinntiú gur féidir le gach duine saol sláintiúil a bheith acu
- ☐ 4. A chinntiú go mbíonn deis ag gach duine oideachas maith a bheith acu
- ☐ 5. A chinntiú go bhfaigheann mná agus cailíní na deiseanna céanna le fir agus buachaillí
- ☐ 6. A chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine ar uisce glan agus leithris chúí
- ☐ 7. A chinntiú go mbíonn go leor teasa, solais agus cumhachta ag gach duine gan damáiste a dhéanamh don timpeallacht
- ☐ 8. Cabhrú le tíortha poist mhaithe a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhealach atá tairbheach do gach duine
- ☐ 9. Scoileanna, ospidéal agus bóithre a thógáil, agus gnólachtaí agus tionscail a chur chun cinn a dhéanann saol daoine níos fearr
- ☐ 10. A chinntiú go gcaitear go cothrom le gach duine, agus go gcaitheann tíortha lena chéile go cothrom
- ☐ 11. Pobail atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus sábháilte a dhéanamh de chathracha, áit ar féidir le daoine maireachtáil go maith
- ☐ 12. A chinntiú nach gceannaímid an iomarca rudaí ionas nach ndéanfaimid acmhainní tearca an domhain a ídiú
- ☐ 13. Gníomhú anois chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide
- ☐ 14. Aire a thabhairt don bheatha atá inár n-aigéin agus inár bhfarraigí
- ☐ 15. Aire a thabhairt d'fhoraois, d'ainmhithe agus don domhan féin
- ☒ 16. Oibriú ar son na síochána agus an cheartais laistigh de thíortha agus eatarthu
- ☐ 17. Oibreoidh na tíortha as lámha a chéile mar chomhpháirtithe chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach agus an saol a dhéanamh níos fearr do gach duine



BREATHNAÍMIS NÍOS GRINNE AR CHUID DE NA SPRIOCANNA DOMHANDA

- Cén fáth, dar leat, a n-úsáidtear colm a bhfuil greim aige ar chraobh olóige i **Sprioc 16**?
- An féidir leat smaoineamh ar aon nasc idir **Sprioc 10** agus **Sprioc 16**?
- Ainmnigh bealach amháin a bhféadfadh **Sprioc 8** a bheith ina cuidiú agat **Sprioc 4** a bhaint amach.
- An féidir leat smaoineamh ar aon nasc idir **Sprioc 8** agus **Sprioc 10**?
- Baineann **Sprioc 17** le tíortha ag comhoibriú chun na 17 Sprioc Dhomhanda a bhaint amach agus an saol a athrú chun feabhais? An féidir leat smaoineamh ar roinnt fáthanna ar rud maith é bheith ag obair le chéile?

OCHT DTÍR FÓCAIS NA HÉIREANN

Ar dtús, aimsigh 8 dtír fócais chomhpháirtíochta na hÉireann ar an mapa ar leathanach 3. Ansin, úsáid an t-eolas ar an leathanach seo chun na ceisteanna a fhreagairt agus an cuardach focal faoi thíortha fócais chomhpháirtíochta na hÉireann ar leathanach 7 a chomhlánú.

Nuair a léifidh tú an leathanach seo, b'fhéidir go dtiocfá ar roinnt focal nua. Cuir ceist ar thriúr de do chairde cén chiall atá leis na focail seo agus mura bhfuil a fhios acu cuir ceist ar do mhúinteoir.

AN AETÓIP

Suíomh: An Afraic Thoir

Príomhchathair: Addis Ababa

Daonra: 102.4 milliún

Ionchas saoil: 65.9 bliain



Iln 2018, chuaigh Cúnamh Éireann i bpáirt le Rialtas na hAetóipe chun bia nó airgead a thabhairt do mhuintir na tuaithe a bhí i mbaol ocrais. Dá thoradh sin, d'oibrigh na daoine seo chun a dtimpeallacht agus pobail áitiúla a fheabhsú

Fíric Spraoi: Tá breis agus 70% de shléibhte na hAfraice san Aetóip.



SIARRA LEON

Suíomh: Iarthar na hAfraice

Príomhchathair: Freetown

Daonra: 7.1 milliún

Ionchas saoil: 51.3 bliain



Thacaigh Cúnamh Éireann le heagras áitiúil a chuir oiliúint ar mhná chun páirt a ghlacadh i dtoghcháin 2018. I gCúige Thoir Shiarra Leon, toghadh 26 bean mar cheannairí áitiúla agus toghadh 4 ban don pharlaimint náisiúnta.

Fíric Spraoi: 'Seoid bheag' na hAfraice Thiar a thugtar ar Shiarra Leon óir is iomaí cultúr, reiligiún agus náisiúntacht atá i measc bhunadh na tíre.



UGANDA

Suíomh: Oirthear na hAfraice

Príomhchathair: Kampala


Daonra: 42.9 milliún

Ionchas saoil: 60.2 bliain



In 2018, thug Cúnamh Éireann tacaíocht don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun a chinntiú gur cosnaíodh muintir Uganda ar ghalar marfach darb ainm Galar Víris Ebola (EBV).

Fíric Spraoi: Tá daonra an-óg ag Uganda agus beagnach 19% den daonra faoi bhun 5 bliana d'aois.



AN MHALÁIV

Suíomh: Oirdheisceart na hAfraice

Príomhchathair: Lilongwe

Daonra: 18.6 milliún

Ionchas saoil: 63.7 bliain



Mar gheall ar mhaoiniú Chúnamh Éireann i gceantar amháin sa Maláiv tá méadú 82% ar an líon leanaí a shaoilaítear agus meáchan sláintiúil acu.

Fíric Spraoi: Tá Loch Maláive 600 km ar fad agus tá an líon is airde speiceas éisc in aon loch ar domhan ann.



VÍTNEAM

Suíomh: An Áise Thoir Theas

Príomhchathair: Hanáí

Daonra: 93.4 milliún

Ionchas saoil: 75.9 bliain



In 2018, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, teagascadh 16,000 leanbh i 35 scoil faoi chontúirt mianach talún neamhphléascsta (féach leathanaigh 8-10).

Fíric Spraoi: San am atá caite, bhíodh seó puipéad ag bunadh shráidbhailte Vítneam Thuaidh. Sa lá atá inniu ann, is in amharclanna speisialta a bhíonn seó puipéad agus linn uisce mar ardán.



MÓSAIMBÍC

Suíomh: Oirdheisceart na hAfraice

Príomhchathair: Mapútó


Daonra: 28 milliún

Ionchas saoil: 55 bliain



Thug Cúnamh Éireann cabhair chun 40 seomra ranga a atógáil i ndiaidh gur scriosadh iad i gcioclón trópaiceach DINEO i mí Feabhra 2017.

Fíric Spraoi: Tá Páirc Náisiúnta Gorongosa, i lár Mhósaimbíc, ar an tearmainn dúlra is ilchineálaí ar domhan.



AN TANSÁIN

Suíomh: Oirthear na hAfraice

Príomhchathair: Dodoma (Dar es Salaam an chathair is mó)

Daonra: 55.6 milliún

Ionchas saoil: 65 bliain



In 2018, le cuidiú ó Chúnamh Éireann, fuair 87,000 feirmeoir síolta níos fearr agus praghas níos airde dá mbarra

Fíric Spraoi: Is sa Tansáin atá cuid de na iarsma is sine ar domhan, i suíomh seandálaíochta darb ainm Altán Olduvai. Is cuidiú iad na cnámha agus na huirlisí cloiche a fuarthas anseo chun a thuiscint mar a forbraíodh an duine daonna, thar thréimhse fhada, ó mhoncaithe.



AN +SAIMBIA

Suíomh: An Afraic Theas

Príomhchathair: Lusaka

Daonra: 16.6 milliún

Ionchas saoil: 61.9 bliain



In 2018, thug Cúnamh Éireann tacaíocht do 15 chailín de chuid teaghlaigh bhochta tuaithe chun go bhfaigheadh siad Dioplóma sa Léann Foirgníochta ar choláiste in Lusaka.

Fíric Spraoi: Tá an tIolair Éisc Afracach, éan náisiúnta na Saimbia, ar bhratach na tíre. Maireann an t-éan mór seo cois uisce agus itheann éisc, froig agus, in amanna, crogaill óga.



Staitisticí bainte as Tuarascáil Bhliantúil Chúnamh Éireann, 2018


CUARDACH FOCAL: TÍORTHA FÓCAIS

Freagair an 12 cheist thíos, ansin aimsigh agus ciorclaigh na freagraí cearta sa chuardach focal le haghaidh na dtíortha fócais.

1. Cé acu tír fócais a bhfuil daonra an-óg aici? _____.
2. Is é Lusaka príomhchathair cé acu tír san Afraic Theas? ____/____.
3. As 8 dtír fócais Chúnamh Éireann, is é Siarra Leon an t-aon tír atá suite san Afraic ____.
4. Tá an Aetóip suite san Afraic ____.
5. Is í Hanáí príomhchathair cé acu tír in Oirdheisceart na hÁise? _____.
6. In 2017, bhuaill cioclón trópaiceach darb ainm ____ Mósaimbíc.
7. In 2018, d'oibrigh Cúnamh Éireann leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte chun muintir Uganda a chosaint ar ghalar darb ainm ____.
8. Le tacaíocht Chúnamh Éireann, teagascadh do 16,000 leanbh faoi na rioscaí a bhaineann le _____ neamhphléasctha i Vítneam.
9. Cé acu tír chomhpháirtíochta san Afraic Thiar ar a dtugtar 'seoid bheag'? ____/____.
10. Cé acu tír fócais chomhpháirtíochta a bhfuil an daonra is mó aici? ____/____.
11. In 2018, thug Cúnamh Éireann tacaíocht do 15 ____ as an tSaimbia chun Dioplóma sa Léann Foirgníochta a fháil?
12. Is é 65 bliain, ar an meán, an t-ionchas saoil sa tír seo ____/____.


D'fhéadfaidh focail a bheith ingearach, cothromonach, ar aghaidh nó ar gcú

X	H	V	Í	T	N	E	A	M	I	D	O	F	T	T	E	A	P
H	Y	G	C	T	W	G	I	H	X	O	S	H	G	H	J	Y	P
O	P	T	G	F	U	E	Z	G	J	E	U	N	N	L	F	S	D
D	T	H	I	A	R	V	T	B	A	N	A	E	T	Ó	I	P	I
C	T	M	L	H	I	D	Z	P	Q	P	D	F	J	U	F	R	N
V	X	P	S	X	R	A	N	T	S	A	I	M	B	I	A	E	E
X	F	F	J	T	K	I	U	G	A	N	D	A	R	O	X	L	O
L	M	I	A	N	A	I	G	H	T	A	L	Ú	N	E	N	G	C
C	A	I	L	Í	N	Í	V	N	K	X	V	T	N	O	J	N	D
N	M	S	I	A	R	R	A	L	E	O	N	N	N	V	X	N	R
W	T	T	H	O	I	R	H	E	B	O	L	A	Q	F	Z	P	Y
A	N	T	A	N	S	A	Í	N	S	Q	Y	O	P	F	W	U	T



Iarr ar do mhúinteoir tráth na gceist a eagrú maidir le tíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann leis na pleananna ceachta atá le fáil i rannóg an mhúinteora ar shuíomh gréasáin Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan: www.ourworldirishaidawards.ie

Tá na freagraí don chuardach focal ag bun leathanach 11



FÓCAS AR VÍTNEAM

Teorainneacha: An Chambóid (iardheisceart)
Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos (iarthuaisceart)
agus an tSín (tuaisceart)

Teanga oifigiúil: Vítneamais
an bealach is simplí chun beannú do dhuine sa Vítneamais is ea xin chao a rá (deirtear é mar sín tiáú)

Airgeadra: Dong Vítneam
(1 euro = thart ar 25,638 dong)

Earraí easpórtála: comhpháirteanna leictreacha, fóin phóca, peitriam, bróga agus teicstíl

Bia coitianta: Pho – anraith nó brat ina bhfuil núdail, glasraí agus circeoil, mairteoil, muiceoil nó cloicheáin
Xoi – rís bhealaithe le pónairí mung nó le circeoil agus arbhar Indiach nó pis talún
Cha ca – núdail, iasc, pis talún agus blastanas

Bithéagsúlacht: Tá an-chuid éagsúlacht bhitheolaíoch i Vítneam, a lán plandaí agus ainmhithe éagsúla ina coillte, uiscebhealaí agus limistéir mhuirí. Ach tá cuid mhaith de na speicis seo i mbaol

Tír fócais chomhpháirtíochta de chuid Chúnamh Éireann ó 2005

DOMHAN NÍOS FEARR BAINTE AMACH

Haigh, is mise Hồ Văn Lai. Rugadh i 1990 mé. Is as Cúige Quảng Trị i Vítnéam dom. Is mise an duine sa ghrianghraf ar an leathanach seo, ag bualadh leis an Uachtarán.

Oibrínn san Ionad Cuairteoirí um Ghníomhú in aghaidh Mianach, a eagraíonn Tionscadal RENEW le tacaíocht ó Chúnamh Éireann. Beidh beagán eolas cúltra de dhíth ort chun a thuiscint cad a tharlaíonn san Ionad Cuairteoirí...



Hồ Văn Lai leis an Uachtarán agus Bean Uí Uiginn le linn a gcuairte ar Ionad Tionscadal RENEW i mí na Samhna 2016.
íomhá: Maxwell Photography

In 1954, i bhfad sular rugadh mise nó tusa, bhí Vítnéam roinnte, ar feadh tamaill, ina dhá chuid, Thuaidh agus Theas. In 1955, thosaigh cogadh idir an dá áit sin. Thug Stáit Aontaithe Mheiriceá tacaíocht do Vítnéam Theas in aghaidh Vítnéam Thuaidh le saighdiúirí agus airm. Mhair Cogadh Vítnéam fiche bliain agus maraíodh breis agus 3 mhilliún duine.

Le linn an chogaidh, bhí cuid mhór troda ar siúl i gcúige Quảng Trị, ar an teorainn idir Vítnéam Thuaidh agus Theas. I measc na n-arm a d'úsáid an dá thaobh bhí buamaí agus mianaigh talún, nó 'mianaigh'. Caitheadh buamaí amach as héileacaptair airm agus cuireadh mianaigh díreach faoin talamh. Phléasc na buamaí nuair a tháinig daoine nó feithiclí a fhad leo.

Tháinig deireadh le Cogadh Vítnéam 45 bliain ó shin, i 1975. An bhliain dár gcionn, tháinig Vítnéam Thuaidh agus Theas le chéile ina aon tír amháin, Poblacht Vítnéam. Ó shin, rinneadh cuid mhór oibre chun buamaí agus mianaigh neamhphléasccha a ghlanadh ar shiúl, ach tá cuid díobh ann fós. Tá riosca nó contúirt mhór ann do dhaoine a chónaíonn agus a oibríonn in áiteanna i gcúige Quảng Trị.

Anois! Sin a lán eolais. Déanaimis cinnte go dtuigimid é uile. Tarraing líne idir an bhliain agus an fhír a mheaitseálann leis an mbliain.

1975

Tá Vítnéam roinnte ina dhá leath, Vítnéam Thuaidh agus Vítnéam Theas.

1955

Deireadh le Cogadh Vítnéam.

1954

Tosaíonn an cogadh idir Vítnéam Thuaidh agus Vítnéam Theas.

Ciorclaigh an áit cheart ar an líne ama ar do dheis do bhlianta 1954, 1955 agus 1975

Tosaíonn an lá go luath de ghnáth, músclaím ar a 5.00 ar maidin. I ndiaidh mo bhriceasta, faighim an bus ón mbaile faoin tuath go Dong Ha, príomhchathair chúige Quảng Trị.

Tosaíonn cuairteoirí ar an Ionad Cuairteoirí ag teacht ag 8.00 r.n. As gach cearn den domhan a thagann siad; turasóirí; aos léinn; iriseoirí; iar-shaighdiúirí aosta nó saighdiúirí a throid i gCogadh Vítnéam.

Is minic a thagann grúpaí scoile as cúige Quảng Trị ar cuairt. Uaireanta, cuirimid fáilte roimh dhaoine mór le rá, amhail Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, a tháinig chun an Ionaid in éineacht lena bhean, Sabrina, nuair a thug siad cuairt ar Vítnéam i mí na Samhna 2016.

I mo chuid oibre, bíonn cuairteoirí liom go bhfeice siad na taispeántais lena n-áirítear cineálacha éagsúla airm a úsáideadh sa chogadh; agus grianghraif agus léarscáileanna a léiríonn na háiteanna ar ghlán Tionscadal RENEW buamaí agus mianaigh ar shiúl agus iad anois sábháilte. Labhraím Vítnéaimis agus Béarla, ag brath ar theanga na gcuairteoirí. Labhraím le daoine/cuairteoirí faoi Chogadh Vítnéam (1955-1975), an tionchar a bhí ag an gcogadh

ar mhuintir Vítnéam agus na contúirtí a bhaineann le buamaí agus mianaigh neamhphléasccha.

Tá an post seo tábhachtach dom. Mothaím gur cuid d'fhoireann an Ionaid mé agus, ar ndóigh, ciallaíonn sé go saothraím mo chuid airgid féin. Ach tá sé tábhachtach ar chúiseanna eile. Is rud an-phearsanta domsa a bheith i mo threoraí san Ionad Cuairteoirí - bíonn deis agam scéal mo bheatha a insint agus súil agam gur cuidiú é mo scéal sa chun daoine eile a choinneáil sábháilte.

Má rugadh i 1990 mé, cén aois anois mé? Ciorclaigh 1990 agus an bhliain ar rugadh thú féin. Gabh chuig an líne ama do thaobh dheis. Cé mhéad bliain atá agam ort?

1950

1960

1970

1980

1990

2000

2010

2020

Scéal Lai

Lá amháin, bhí mé amuigh ag súgradh le mo chol ceathracha. Tháingamar ar roinnt sean-chnuasbhuamaí a úsáideadh sa chogadh ach ní raibh a fhios againn céard a bhí iontu.

Thosaíomar ag spraoi leo agus maraíodh beirt de mo chol ceathracha sa phléascadh.

Gortaíodh mo chosa agus mo sciatháin go dona agus níl agam ach 50% de radharc i leathshúil. B'uafásach an t-am é an taise agus bhí mé fada go leor ag teacht thart ina dhiaidh.

Dá múiní dúinn faoi chontúirt nó riosca na mbuamaí agus na mianach neamhphéasctha, bhogfaimis uathu agus déarfaimis le duine éigin ionas go bhféadfadh saineolaithe na buamaí a dhéanamh sábháilte.

Shocraigh Tionscadal RENEW, a fhaigheann tacaíocht ó Chúnamh Éireann, cosa maithe saorga a fháil dom. Rinne sé seo difear mór. Is féidir liom siúl ar mo chosa féin agus páirt a ghlacadh i saol an phobail. Is minic a fhaighim focail chineálta spreagtha ó chuairteoirí san Ionad Cuairteoirí. Is féidir liom a bheith ag obair ar leas daoine eile. Agamsa, is ionann áthas agus a bheith i mo mhúinteoir, ag obair in éineacht le leanaí, ag idirghníomhú agus ag cabhrú le daoine atá i mbaol buamaí agus mianach talún i gcúige Quảng Trị.

Tá cosc ar chnuasbhuamaí mar arm cogaidh ar fud an domhain ó bhí 2008 ann nuair a socraíodh comhaontú dlíthiúil (ar a dtugtar Coinbhinsiún) i mBaile Átha Cliath, Éire. Ciorclaigh 2008 ar an líne ama ar thaobh an leathanaigh seo.

SAMHLAIGH GUR FÉIDIR LEAT R-PHOST A CHUR CHUIG HỒ VĂN LAI

Cuir thú féin in aithne (ainm, aois, rud éigin faoi scoil nó baile...). Dúirt Hồ Văn Lai go gcuireann a chuid oibre san ionad áthas air. Inis do cad a chuireann áthas ort. Cuir síos ar na nithe suimiúla atá ina scéal. Cuir ceist air faoina chuid oibre mar Oideachasóir faoi Riosca na Mianach san Ionad Cuairteoirí.

New Message

To projectrenewvietnam@gmail.com

Subject Faoi chúram Hồ Văn Lai

Send

TIONSCADAL RENEW AGUS CÚNAMH ÉIREANN

Tá Cúnamh Éireann ag tacú le Tionscadal RENEW ó bhí 2015 ann.

Cabhraíonn an t-airgead seo le daoine a tháinig slán ar nós Hồ Văn Lai a bheith ag obair agus a bheith rannpháirteach ina bpobail. Úsáidtear é chun leabhair, bileoga, greannáin agus póstaer a fhoilsiú d'obair Oideachais Riosca Mianach an tionscadail le grúpaí scoile agus le daoine a chónaíonn i gcúige Quảng Trị.

Úsáideadh cistiú Chúnamh Éireann chun póstaer a chur suas ar chlár fógraíochta freisin, ar a raibh teachtaireachtaí rabhaidh agus uimhir bheolíne ionas gurbh eol do dhaoine cé leis a ndéanadh siad teagmháil dá dtiocfaidís ar bhuamaí nó mianaigh talún neamhphléascsta.

Nuair a thuairiscítear buamaí neamhphléascsta nó mianaigh talún, seolann 'Project Renew' (Tionscadail Athnuachan) foireann saineolaithe chun an talamh a mhúchadh nó a ghlanadh agus é a dhéanamh sábháilte le haghaidh gnáthúsáide.

CÉ ACU DE 17 SPRIOC DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT INBHUANAITHE IS FÉIDIR LEAT A NASCadh LE HOBAIR THIONSCADAL RENEW?

In 2001, Rialtas chúige Quảng Trị a chuir Tionscadal RENEW ar bun le maoiniú agus tacaíocht ó eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta. Seasann RENEW i dTionscadal RENEW do **R**estoring the **E**nvironment and **N**eutralizing the **E**ffects of **W**ar. Is é aidhm Thionscadal RENEW plé le fadhb na mbuamaí agus na mianach talún neamhphléascsta a fágadh i ndiaidh Chogadh Vítneam teacht chun deiridh in 1975.

Samhlaigh gur iarradh ort clár fógraíochta a dhearadh le cuid d'obair Thionscadal RENEW agus na naisc idir í agus na Spriocanna Domhanda a léiriú do dhaoine in Éirinn. Úsáid an spás seo chun a bhfuil tú ag iarraidh a scríobh agus a tharraingt ar do chlár fógraíochta a léiriú.

Smaoinigh ar do lucht léite agus ar na príomhtheachtaireachtaí atá tú a iarraidh a chur in iúl.

Roghnaigh do dhathanna, íomhánna agus téacs go cúramach chun an clár fógraíochta is fearr is féidir a chruthú.

Clár fógraíochta: Cláir mhóra agus fógraíocht orthu a fheictear in áit phoiblí, ar nós scáthlán bus nó ar thaobh foirgneamh

GNÍOMHÚ AR SON DOMHAIN NÍOS FEARR

Bain spreagadh
as dathanna na
Spriocanna Domhanda
chun an pictiúr de Greta
Thunberg a dhathú, gníomhaí
óige atá ag obair ar son
domhain níos fearr.

“Is é a d’fhoghlaim
mé ná, nach bhfuil duine
amháin róbheag le difear
a dhéanamh.”

*Sliocht as óráid ag COP24 sa
Pholainn, mí na Nollag 2018*


“Ní mór daoibh
beart a dhéanamh.
Ní mór daoibh an rud atá
dodhéanta a dhéanamh. Ní
haon rogha é géilleadh.”

*Sliocht as óráid le Comhdháil
SAM, Meán Fómhair 2019*



Breathnaigh siar ar an ngníomhaíocht ar leathanach
4, nuair a chuir tú síos ar d’aisling do dhomhan níos
fearr. Smaoinigh ar rud amháin breise atá tú réidh
le déanamh, rud nach ndearna tú roimhe seo, chun
cabhrú leat an aisling seo a fhíorú. D’fhéadfadh
sé gurbh é a bheadh i gceist, a fháil amach faoi
cheist atá ag déanamh imní duit, iompraíocht
a athrú, beart a dhéanamh nó daoine eile
a spreagadh chun a smaointeoireacht, a
n-iompraíocht nó a ngníomhú a athrú.

Scríobh do ghealltanais
nó do thiomantas
le gníomhú ar son
domhain níos fearr
i lár lógó ciorcail
na Spriocanna
Domhanda. Gearr
amach an lógó agus
cuir ar taispeáint é in áit
phoiblí mar a spreagfadh
sé daoine eile gealltanais
a thabhairt ar son saol níos
fearr.



GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN 2020

Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi na Spriocanna Domhanda agus faoi conas atá Éire, trína clár cúnamh, ag obair chun ár gcomhshaol agus gach duine i ngach áit a chosaint san am i láthair agus san am atá le teacht?

Cruthaigh tionscadal a léiríonn freagra do bheirte/do ghrúpa/do ranga ar théama Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan 2020:

DOMHAN NÍOS FEARR

D'fhéadfadh do rogha formáide a bheith i do thionscadal agus tá neart smaointe ar shuíomh gréasáin na nGradam: www.ourworldirishaidawards.ie



CUIR CEIST

Cuir duine/daoine faoi agallamh; déan vox pop i do scoil, ionad siopadóireachta nó pobail nó leabharlann; déan suirbhé ar líne nó duine le duine le fiafraí de dhaoine céard atá ar eolas acu nó céard a cheapann siad faoi cheann amháin nó níos mó de na Spriocanna Domhanda nó faoi obair Chúnamh Éireann; eagraigh tráth na gceist i do scoil.



TARRAING É, PÉINTEÁIL É NÓ DÉAN É

Dear póstaer nó colláis; déan múrphictiúr nó fríos balla; cruthaigh múnla nó dealbh; cruthaigh cluiche ríomhaire nó aip; dear cluiche cláir, déan léarscáil nó leabhar tionscadail.



GLAC PICTIÚR DE

Glac grianghraif; cuir dialann grianghraf i dtoll a chéile; bain úsáid as grianghraif chun codarsnachtaí a léiriú, chun féidearthachtaí a thaispeáint, chun a thaispeáint cad is féidir a dhéanamh.



TAIFEAD É

Taifead físeán ceoil, dráma, scéal nó agallamh.



CAN É

Scríobh amhrán nó rap nó cuir ceann in oiriúint, ansin cuir i láthair é.



SCRÍOBH É

Scríobh gearrscéal, litir, dán nó script drámaíochta; coimeád dialann nó blog; déan bileog, nuachtán nó iris a tháirgeadh.



D'fhéadfadh do bheirt/ghrúpa/rang plaic ó Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan a bhuachan do do scoil ag imeachtaí speisialta dár gcuid ar fud na tíre. Nó d'fhéadfá fiú a bheith páirteach inár Searmanas Babhta Ceannais Duaiseanna Náisiúnta i mBaile Átha Cliath, mar a ndéantar do ghnóthachtaí tionscadail a cheiliúradh agus mar a bhfaightear amach cé acu scoil a fhaigheann trófaí bhuaiteoir foriomlán Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan.



CUARDACH FOCAL (LEATHANACH 7) FREAGRAÍ: (1) UGANDA; (2) AN TSAIMBIA; (3) THIAIR; (4) THOIR; (5) VÍTNEAM; (6) DINEO; (7) EBOLA; (8) MIANAIGH TALÚN; (9) SIARRA LEONE; (10) AN AETÓIP; (11) CAILÍNÍ; (12) AN TANSÁIN.

IS É AN 3 AIBREÁN 2020 AN SPRIOCDHATA IS FÚTSA ATÁ SÉ...

Labhair le do mhúinteoir faoi iontráil a chur isteach ar Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan. Pléigh na smaointe atá agat le haghaidh tionscadail. Inis do do mhúinteoir gur féidir leis/léi níos mó faisnéise a fháil ach féachaint ar: www.ourworldirishaidawards.ie

Anois tá sé in am tosú!


Cuimhnigh d'aistear tionscadail **#OurWorldAwards15** a roinnt linn **@Irish_Aid**.



An tUas. Ciarán Cannon T.D., an tAire Stáit don Diaspóra agus don Fhorbairt Idirnáisiúnta, le Buaiteoir Náisiúnta 2019 Ghradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan, Scoil Náisiúnta Ghlór Na Mara, an Trá Mhór, Co. Phort Láirge.

Tá Scoil Náisiúnta Ghlór Na Mara ag glacadh páirt i nGradaim Chúnamh Éireann, Ár nDomhan le blianta fada agus tá moladh mór ag dul dóibh as a thiomanta atá siad do na Spriocanna Domhanda! In 2019, 'Déan Rud Amháin' chun na Spriocanna Domhanda a bhaint amach an teideal a bhí ar thionscadal dhaltaí Rang a 4 agus a múinteoir, Kate Marie Hearne. Chuaigh na daltaí i mbun feachtais a dhírigh ar athruithe beaga ar féidir leo difear mór a dhéanamh ar scoil agus i bpobal na háite.

Mar chuid dá bhfeachtas, chruthaigh grúpaí daltaí físeán, i gcomhpháirt le margadh áitiúil agus d'óstáil lá oscailte, áit ar chuir siad a dtionscadal i láthair comhdhaltaí, tuismitheoirí, grúpaí pobail áitiúla agus ionadaithe tofa. Cuireadh gníomhaíochtaí tionscadail i láthair mar PowerPoint agus cuireadh isteach iad leis an bhfoirm iontrála dialainne. D'éirigh go maith lena bhfeachtas feasachta ar an gcomhfhreagracht atá orainn uile i leith na Spriocanna Domhanda agus bhí a mbua tuillte go maith acu!



www.ourworldirishaidawards.ie



Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade



CEARDLANNA BUNSCOILE AR AN OBAIR ATÁ Á DHÉANAMH AG CÚNAMH ÉIREANN

TABHAIR DO RANG CHUIG IONAD CHÚNAMH ÉIREANN, 3 SRÁID CHLUAIN MEALA, BAILE ÁTHA CLIATH 2

Do: Rang a 5 agus a 6 **Cén Uair:** Bealtaine agus Meitheamh

Tá na ceardlanna saor in aisce agus cuimsítear iontu:

Gníomhaíochtaí, cluichí agus ceol chun iniúchadh a dhéanamh ar na naisc idir ár saol agus saol daoine i gcodanna eile den domhan.

Téann na daltaí i ngleic le scéalta ó gach cearn den domhan agus foghlaimíonn faoi conas is féidir le gníomhaíochtaí ar na Spriocanna Domhanda saol daoine i ngach áit a fheabhsú anois agus feasta.

Tá ceardlanna ábhartha don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, agus do na hEalaíona (go háirithe an Ceol). Tá siad an-rannpháirtíoch ar fad agus taitneamhach.

Maireann na ceardlanna 90 nóiméad agus tosaíonn siad ag a 10.00 agus ag a 12.00 gach lá ó Luan go hAoine. Ní mór 2 dhuine fásfa a bheith in éineacht le gach rang 30 dalta, múinteoir amháin san áireamh. Tá sé riachtanach iad a chur in áirithe roimh ré.

Chun áirithint a dhéanamh nó chun fiosrú a dhéanamh, déan teagmháil:

01 408 2832 nó IrishAidCentre@dfa.ie

www.irishaid.ie



Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Ireland's
commitment
to a world
without poverty
and hunger